Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

**An Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
**Aonaid 8/9 Ionad Gnó Shráid an Mhainéir**
**Sráid an Mhainéir**
**Baile Átha Cliath 7**
**www.immunisation.ie**

Lúnasa 2017

**Clár Vacsaínithe sna Scoileanna 2017/2018**

A Phríomhoide, a chara,

Seo litir chun tú a chur ar an eolas faoi chlár vacsaínithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) sna scoileanna in 2017/2018. Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go dtabharfaí vacsaíní na haoise scoile i scoileanna chun comhionannas rochtana a chur ar fáil agus tá fianaise eolaíoch ann go mbíonn glacadh i bhfad níos airde le vacsaíní i measc déagóirí nuair a thugtar i scoileanna iad.

- **An vacsaín Tdap (teiteanas, dáileog íseal don diftéire, triuch)**
  Leanfar leis an vacsaín Tdap a thabhairt do na scoláirí uile sa chéad bhliain agus tabharfar in éineacht leis an gcéad vacsaín HPV i gcás na gcailíní é.
- **Vacsaín ghalar MenC (Meiningeacocúil C)**
  Leanfar leis an teanndáileog den vacsaín MenC a thabhairt do na scoláirí uile sa chéad bhliain. Tabharfar an vacsaín seo sa dara nó sa tríú téarma ag an am céanna leis an dáileog Tdap nó an dara dáileog den vacsaín HPV.
- **An vacsaín HPV (Papalómaivíreas Daonna)**
  Leanfar leis an gclár vacsaínithe in aghaidh HPV (Papalómaivíreas Daonna) i gcás cailíní sa chéad bhliain. Teastaíonn dhá dháileog den vacsaín le tréimhse sé mhí eatarthu chun go mbeidh an vacsaín HPV lánéifeachtach. Tabharfaidh foirne vacsaínithe FSS vacsaínithe HPV ar dhátaí comhaontaithe i mí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair agus i mí Mhárta /Aibreáin.

Tá an vacsaín HPV (Gardasil) sábháilte, éifeachtach agus níl aon athrú tagtha ar phróifíl sábháilteachta na vacsaíne ó cuireadh tús le clár vacsaínithe FSS in 2010. Tá bileog ar leith fíricí faoin vacsaín HPV curtha le chéile do mhúinteoirí i mbliana sa chaoi go mbeidh siad in ann cabhrú le heolas cruinn faoin vacsaín HPV a chur ar fáil do scoláirí.

Is ceart do thuismitheoirí scoláirí sinsearacha ar bith gur mian leo bheith vacsaínithe anois dul i dteagmháil lena n-oifig áitiúil imdhíonta.

Scaipfear pacáistí eolais maidir leis na cláir vacsaínithe seo ar scoileanna sna seachtainí amach romhainn. *Iarraimid ort gan ach ábhair eolais de chuid FSS a scaipeadh agus gan aon eolas eile faoin vacsaín nach de chuid FSS é a chur ar aghaidh chuig tuismitheoirí*. Tá sé seo ceaptha chun a chinntiú go bhfaigheann tuismitheoirí eolas atá cruinn ó thaobh na heolaíochta de agus arna thacú ag comhlachtaí saineolaíocha rialála, náisiúnta agus idirnáisiúnta, sa chaoi go mbeidh siad in ann a roghnú a n-iníonacha a chosaint ón ailse cheirbheacs.

Maidir le slánaíocht in aghaidh dliteanais ar bith a thiocfadh as an ról a ghlacann scoileanna faoi láthair i gcomhair na vacsaínithe i scoileanna, is ceist í sin a thabharfadh FSS agus/nó an Roinn Sláinte aghaidh uirthi.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leat as comhoibriú linn chun cláir rathúla vacsaínithe a sholáthar sna blianta roimhe seo. Leanfaidh na foirne vacsaínithe FSS orthu ag oibriú leat chun a chinntiú go gcuirfear seisiúin vacsaínithe na bliana seo i gcrích chomh héifeachtúil agus is féidir. Mar a rinne siad riamh, cloíonn siad le polasaithe na scoile nuair a bhíonn siad ag cur na seirbhíse seo ar fáil. Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait féin nó ó thuismitheoirí ar bith, tabhair cuairt ar http://www.hse.ie/eng/services/gaeilge/imdhion/, le do thoil, nó déan teagmháil le d'oifig áitiúil imdhíonta (tá uimhreacha fóin ar an leathanach thall)

Mise le meas

**An Dr Kevin Kelleher, Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta um Shláinte agus Folláine - Sláinte Phoiblí agus Sláinte Leanaí**
**Uimhir Chlárúcháin Leighis 19719**

**Tabhair do d'aire, le do thoil, go mbeidh na nithe seo a leanas de dhíth ar fhoirne FSS le haghaidh seisiúin vacsaínithe**

- Cead úsáide seomra mhóir ar an mbunurlár ar nós halla/cúirte spóirt laistigh. Agus an limistéar seo á roghnú, ba mhaith an rud é bealach isteach agus bealach éalaithe ar leith a bheith ann.
- Áiseanna nite lámh
- Boird agus cathaoireacha do na foirne vacsaínithe (agus iad de réir mhéid na scoile agus na foirne vacsaínithe)
- Cathaoireacha nó mataí do rang amháin cailíní ag aon am amháin
- Ball teagmhála den fhoireann nó dalta ainmnithe le glao ar dhaltaí óna ranganna ag an am cuí le haghaidh vacsaíniú agus iad a thabhairt ar ais go dtí a rang go hordúil tar éis an vacsaínithe

# Uimhreacha fóin Oifigí Imdhíonta Sláinte Áitiúla FSS

| Oifigí Áitiúla Sláinte de réir contae nó ceantair | HPV Tdap agus MenC | Tdap agus MenC |
|---|---|---|
| Ceatharlach | 056 7784500 | 056 7784500 |
| An Cabhán | 047 30423<br>047 30422<br>047 39089 | 047 30423<br>047 30422<br>047 39089 |
| An Cabhán - An Cabhán Thiar | 071 9155148 | 071 9155148 |
| An Clár | 065 6868039 | 065 6868039 |
| Corcaigh - Corcaigh Thuaidh | 022 58736 | 022 58736 |
| Corcaigh – An Laoi Thuaidh | 021 4921775 | 021 4921775 |
| Corcaigh – An Laoi Theas | 021 4923214<br>021 4923840 | 021 4923214<br>021 4923840 |
| Corcaigh - Corcaigh Thiar | 028 40429 | 028 40429 |
| Dún na nGall - Bun Cranncha | 074 93 61044 | 074 93 61044 |
| Dún na nGall - Baile Dhún na nGall | 074 97 21074 | 074 97 21074 |
| Dún na nGall - An Clochán Liath | 074 95 61210 | 074 95 61210 |
| Dún na nGall - Leitir Ceanainn | 074 91 23753 | 074 91 23753 |
| Baile Átha Cliath Thuaidh (ceantair ina bhfuil Ard Aidhin (cuid de), An Chúlóg, Darndál, Éadan Mór, Ráth Éanaigh, Cill Bharróg, Binn Éadair, Cill Fhionntain, Baile Dúill, Port Mearnóg, Mullach Íde, Sord, Lusca, An Ros, Na Sceirí, Baile Brigín, An Aill) | 01 8164259 | 01 8164259 |
| Baile Átha Cliath Thuaidh-Lár (ceantair a chuimsíonn Baile Munna, Droim Conrach, An Halla Bán, Lár na Cathrach Thuaidh, Fionnradharc, Cluain Tarbh, Domhnach Cearna) | 01 8467097<br>087 9267936 | 01 8467097<br>087 9267936 |
| Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh (ceantair ina bhfuil an Chabrach, Baile Phib, Fionnghlas, Cuid de Ghlas Naíon, Caisleán Cnucha, Baile Bhlainséir, Mullach Eadrad, Margadh na Feirme) | 01 8975135 | 01 8975135 |
| Baile Átha Cliath Theas (ceantair ina bhfuil Dún Laoghaire, An Charraig Dhubh, Stigh Lorgan, Cábán tSíle, Carraig an tSionnaigh, Deilginis, Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Seanchill, Baile Uí Lachnáin) | 01 2365246 | 01 2365246 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath Theas (ceantair ina bhfuil Lár na Cathrach Theas, An Rinn, Ráth Maonais, Tír an Iúir, Baile an Teampaill, Ráth Fearnáin) | 01 7077996<br>086 3837416 | 01 7077996<br>086 3837416 |
| Baile Átha Cliath Thoir Theas (ceantair ina bhfuil Sráid Bhagóid, Raghnallach, Domhnach Broc, Dún Droma, Baile an Teampaill, Baile an tSaoir, Baile na Lobhar agus Áth an Ghainimh) | 012680391<br>0860215305 | 01 2680391<br>086 0215305 |
| Baile Átha Cliath Thiar Theas (ceantair ina bhfuil Cromghlinn, Droimeanach, Tamhlacht, Teach Mealóg, Teach na Giúise) | 01 4141393 | 01 4141393 |
| Baile Átha Cliath Thiar (ceantair ina bhfuil Cluain Dolcáin, Baile Formaid, Baile Phámar, Leamhcán, Inse Chór agus Ráth Cúil) | 01 6206313<br>01 6206461 | 01 6206313<br>01 6206461 |
| Gaillimh | 091 546175 | 091 546180 |
| Ciarraí | 066 7184570 | 066 7195682 |
| Cill Dara | 045 907936<br>045 907934 | 045 907936<br>045 907934 |
| Cill Chainnigh | 056 7784500 | 056 7784500 |
| Laois | 057 9359785 | 057 9359785 |
| Liatroim | 071 9155148 | 071 9155148 |
| Luimneach | 061 483935 | 061 483935 |
| Luimneach - Luimneach Thoir | 061 46 1140 | 061 46 1140 |
| An Longfort | 043 3339700 | 043 3339700 |
| Lú | 042 9381262 042 9381259 | 042 9381262<br>042 9381259 |
| Maigh Eo | 094 9042217<br>096 21511 | 094 9042217<br>096 21511 |
| An Mhí | 046 9098725 046 9098752 046 9098763 | 046 9098725<br>046 9098752<br>046 9098763 |
| Muineachán | 047 30423<br>047 30422<br>047 39089 | 047 30423<br>047 30422<br>047 39089 |
| Uíbh Fhailí | 057 9359785 | 057 9359785 |
| Ros Comáin | 090 6637515 | 090 6637515 |
| Sligeach | 071 9155148 | 071 9155148 |
| Tiobraid Árann - Tiobraid Árann Thuaidh | 067 46410<br>067 46416 | 067 46410<br>067 46416 |
| Tiobraid Árann - Tiobraid Árann Theas | 052 6177245 | 052 6177245 |
| Port Láirge | 051 846772 | 051 846772 |
| An Iarmhí (ceantair ina bhfuil scoileanna Bhaile Átha Luain agus an Mhóta) | 090 6424816 | 090 6424816 |
| An Iarmhí (ceantair ina bhfuil scoileanna an Mhuilinn Chearr) | 044 9394992 | 044 9394992 |
| Loch Garman | 053 9243289 053 9243290 | 053 9243289<br>053 9243290 |
| Cill Mhantáin | 0404 68400 | 0404 68400 |
| Cill Mhantáin - Cill Mhantáin Thiar (ceantair ina bhfuil Bealach Conglais, Baile Coimín agus Dún Luáin) | 045 907936<br>045 907934 | 045 907936<br>045 907934 |